**Conas Crann a Chur – treoir**



**Baineann an treoir seo le:**

(i) **Crainn le fréamhacha loma** – crainn óga, mar shampla crainn thrasphlandaithe atá 45cm—2m ar airde de ghnáth. I bplandlann crann a fásadh na crainn seo agus rinneadh iad a thochailt nó a 'ardú' den talamh le linn shéasúr díomhaoin na gcrann. Tá na fréamhacha saor ó ithir. De ghnáth socraíonn na crainn seo isteach ina dtimpeallacht nua go sciobtha. Féach grianghraif 1 agus 2 thíos.



**Grianghraf 1.**



**Grianghraf 2.**

**(ii) Crainn i bpotaí, i gcoimeádáin agus crainn a bhfuil daba fréamhacha acu** – I bplandlann crann a fhástar na crainn óga seo, leis. Bíonn siad níos láidre agus nios airde

ná crainn le fréamhacha loma agus is gnách dóibh a bheith 2 mhéadar ar airde. Ceannaítear iad i gcoimeádán/i bpota agus bíonn na fréamhacha agus an ithir pacáilte le chéile i bhfoirm liathróide le rúainní éadaigh chun daba fréamhacha a dhéanamh. Féach grianghraf 3 thíos.


**Grianghraf 3.**

**Cathain ar chóir é a chur?**

**Crainn le fréamhacha loma:** An geimhreadh agus an t-earrach an t-am is fearr de bhrí go mbíonn na crainn faoi shuan ag an am seo. Ná cuir i dtalamh reoite nó díreach tar éis do na bachlóga pléascadh amach ina nduilleoga san earrach.

**Crainn i gcoimeádáin agus crainn a bhfuil daba fréamhacha acu:** Is féidir crainn mar seo a chur uair ar bith sa bhliain, agus bíonn séasúr fáis níos faide acu dá réir.

**Cá gcuirfidh mé an crann?**
Ag brath ar speiceas an chrainn, roghnaigh suíomh ina mbeidh spás don chrann i gceann cúig bliana, deich mbliana, ceathracha bliain, nó fiú céad bliain. Cuir an crann i bhfad ó thithe, ó bhonneagar a thóg an duine agus ó bhóithre, cosáin, colbhaí, ballaí agus dúshraith, seirbhísí talún, dúnphoill agus línte seirbhíse fóntais os ár gcionn. Ná cuir crann in áit fhliuch nó in áit bháite.

**Cúram agus láimhseáil**
Caithfear gach crann a láimhseáil go cúramach mar is furasta ballbhrú a dhéanamh ar fhréamhacha, stoc nó géaga. Ná nocht iad do sholas na gréine, don fhuacht ná don sioc. Beir ar stoc an chrainn, díreach os cionn na bhfréamhacha. Tacaigh le crainn mhóra agus crainn throma tríd an bpota, an daba fréamhacha nó an stoc íochtarach a iompar –féach

grianghraif 4 agus 5. Bíonn crainn óga a bhfuil fréamhacha loma acu pacáistithe agus faoi chosaint ón aimsir i mála trom plaisteach. Sula gcuirtear iad, is féidir iad a stóráil ar feadh tamaill i seid os cionn an reophointe. Nó is féidir iad a stóráil lasmuigh go ceann tamaill má chuirtear na fréamhacha i móta, in ithir nó i múirín do photaí tar éis é a thaisiú.

**Ag ullmhú chun an crann a chur**

Cuir píosa mór sraithadhmaid nó cairtchlár gar do chiumhais an phoill chun ithir a stóráil air agus an poll á thochailt agat. Cuir fréamhacha an chrainn / an daba fréamhacha ar maos in uisce úr glan **ar feadh uair an chloig sula gcuireann tú é**. Féach grianghraf 6. Agus tú amuigh ag ullmhú chun do chrann óg a chur, cosain é i gcónaí ar an ngaoth agus ar an ngrian.



**Grianghraf 4.**



**Grianghraf 5.**



**Grianghraf 6.**

**Stácaí chun an crann a thacú.**

Is gá stáca a úsáid mar thaca le crainn thaitneamhachta, is cuma an bhfuil fréamhacha loma nó daba fréamhacha acu, nó ar fásadh i gcoimeádán iad. Tugann an stáca taca do chóras fréamhacha an chrainn sna chéad chúpla bliain. Baintear an stáca ina dhiaidh sin. **Tá teicníc stáca aonair** ann ina n-úsáidtear stáca atá láidir go leor agus ceangal rubair chun an crann **óg** a thacú. Féach grianghraf 7.



**Grianghraf 7.**

**Úsáidtear stáca dúbailte** le crosbharra do chrainn láidre a dteastaíonn tacaíocht bhreise uathu. Cuirtear na tacaí ar fad ar an taobh den chrann ar a séideann an ghaoth. Úsáid ceangail shintéiseacha nó ceangail rubair. Déantar stoc an chrainn a cheangal den chrosbharra adhmaid le bloc cúisín. Daingnítear é le tairní caidhpe nó le scriúirí heicseagánacha 30mm. Féach grianghraf 8 thíos.



**Grianghraf 8.**

**Crann a Chur** – **Na huirlisí agus an trealamh a theastóidh:**

Buicéad uisce – chun fréamhacha an chrainn a chur ar maos agus aon chlocha a bhailiú ón bpoll nua.
Spád agus sluasaid – chun féar agus ithir a ghearradh agus a thochailt.
Barra beag luamháin nó piocóid – chun clocha a scaoileadh, más gá.
Máilléad nó casúr éadrom chun an maide a thapáil isteach.
Píosa mór sraithadhmaid nó cairtchláir – chun an ithir a stóráil air agus an poll á thochailt agat.
Leathbhuicéad nó buicéad ithreach breise más gá.
Stáca crainn.
Ceangal rubair crainn.
1-2 leathán de bhacainn fiailí – chun na fiailí a choimeád siar.
40-60 lítear sliseanna adhmaid / móta - le cur os cionn an chairtchláir.

## Conas Crann a Chur – in 8 gcéim

**Céim 1** – Roghnaigh do shuíomh agus gearr amach ciorcal méadair den fhéar atá ag fás ann.

**Céim 2 –** I lár an chiorcail ghlan seo, tapáil an stáca crainn isteach sa talamh. Seo é lár do phoill. Tomhais fad 500mm ón stáca. Úsáid do spád chun an féar a bhaint amach, síos

50-100mm, agus cuir an ithir seo ar an bpíosa sraithadhmaid nó cairtchláir. Féach grianghraf 9.

**Céim 3 –** Sa chiorcal glan seo, tochail poll ciorclach nó cearnógach don chrann. Caithfidh sé a bheith a dhá oiread chomh leathan leis na fréamhacha nó leis an daba fréamhacha. Nuair a bheidh an crann curtha, beidh na fréamhacha in ann síneadh amach sa pholl seo chun ábhar cothaitheach a chuardach san ithir mórthimpeall.

**Céim 4 –** Ba chóir don pholl a bheith 5-10cm níos doimhne ná bun na bhfréamhacha.

**Céim 5 –** Tóg an crann amach as an mála plaisteach, an pota nó as pé rud atá timpeall air. Úsáid do mhéara chun an ithir a scaoileadh beagán agus aon fhréamhacha a bhfuil greim acu ar an gcrann a thógáil amach. Gearr fréamhacha mar seo, más gá. Cuir an crann isteach sa pholl agus socraigh é ina lár.



**Grianghraf 9.**



**Grianghraf 10.**

**Céim 6 -** Socraigh an stáca/na stácaí sula ndéanann tú an ithir a líonadh isteach mórthimpeall air. Úsáid máilléad nó casúr oiriúnach chun an stáca a thapáil isteach i mbun an phoill ar thaobh na gaoithe (an taobh thiar theas).

**Céim 7 -** Cuir an crann ar ais i lár an phoill agus é ina sheasamh. Fág timpeall 50mm idir an stoc agus an stáca. Is féidir an ithir a tógadh amach as an bpoll a bhriseadh suas leis an spád agus é a mheascadh, más gá, le hithir ghlan. Is féidir ithir bhreise a fháil ó áit

éigin in aice láimhe, más gá. Measc isteach méid beag múirín más maith leat. Agus do lámh agat ar an gcrann, scaip na fréamhacha go cothrom agus athlíon an poll go cúramach le hithir mhín. Scaip an ithir mhín isteach agus amach trí na fréamhacha loma nó timpeall an daba fréamhacha. Daingnigh an ithir le do lámha agus tú sa pholl. I bpoill mhóra, is féidir aon ithir a tochlaíodh roimhe seo le fréamhacha féir nó scríobadh móna a chur bunoscionn agus a chlúdach sa pholl le meascán d'ithir ghlan.

**Céim 8 –**Tar éis é a líonadh isteach, daingnigh an talamh beagán le do chos. Féach grianghraf 10 thuas. Ceangail an stáca rubair den chrann agus ansin den stáca. Tá do chrann curtha agat.

**Conas aire a thabhairt dó– An crann óg a uisciú**

Díreach tar éis an crann óg a chur, uiscigh go réidh timpeall bhun an chrainn le canna uisciúcháin. Féach grianghraf 11 thíos. Uiscigh é gach lá is cuma cén aimsir atá ann.



**Grianghraf 11.**

- **Cosaint móta.**

Moltar cosaint móta a chur timpeall an chrainn óig chun nach bhfásfaidh féar agus fiailí róghar dó. Coiscfidh sé damáiste ó lomairí faiche agus ó chiumhaisirí a thiocfadh róghar dó nó a bhuailfeadh é. Gearr ciorcal réasúnta mór as cairtchlár glan donn agus cuir ar an talamh é ionas go gclúdaíonn sé bun an chrainn agus bun an stáca.



**Grianghraf 12.**

Caith mála réasúnta mór sliseanna adhmaid nó móta amach ar an gcairtchlár agus bíodh sé 100-200mm ar tiús. Úsáid do mhéara chun aon mhóta gar do stoc an chrainn a tharraingt siar. Coimeádfaidh sé sin na fiailí amach. Cuir móta úr agus cairtchlár nua ann gach séasúr. Féach grianghraf 12.

**Leideanna ar conas aire a thabhairt dó.**

**1.** Coimeád lomairí agus ciumhaisirí lasmuigh den chiorcal chun nach ndéanfar dochar don chrann óg.

**2.** Seiceáil an crann go rialta sna chéad chúpla seachtain agus daingnigh an talamh timpeall bhun an chrainn más gá.

**3.** Uiscigh an crann óg gach lá sa chéad samhradh agus fómhar, is cuma cén aimsir atá ann.

**4.** Seiceáil an chosaint móta agus glan amach aon fhiailí atá ag fás ann. Úsáid piosa nua cairtchláir agus sliseanna adhmaid/móta úr gach séasúr.

**5.** Seiceáil an stáca/na stácaí agus an ceangal, féachaint an bhfuil sé ró-theann nó ró-scaoilte. Scaoil é beagán sa dara bliain de réir mar a mhéadaíonn stoc an chrainn. Is gnách an stáca/na stácaí a bhaint i mbliain 3/4, tar éis do chóras na bhfréamhacha socrú síos.

**Author: Robert Steed, Roibeárd Each, Garraíodóir Ceirde,  Márta 2021**

**Profléite ag: Lisa Smyth agus Susan McSharry, An Roinn Caitheamh Aimsire agus Taitneamhachta.**

**Tagairtí**

**1. County Clare Tree Design Guide for Towns & Villages, 2017, Comhairle Contae an Chláir.**

**2. Buds of the Banner, A Guide to growing Native Trees & Shrubs in Clare, 2007. Comhairle Contae an Chláir**

**3. Galway's Living Landscapes Part 2: Trees and Woodlands**
**Tirdhreacha Beo na Gaillimhe Cuid 2: Crainn agus Coillearnach 2016, Comhairle Contae na Gaillimhe,  Forbairt Tuaithe Chontae na Gaillimhe**
**Tionscadal Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe, Fóram Oidhreachta Contae na Gaillimhe agus an tSeirbhís Foraoiseachta.**

**4. The Urban Handbook, A practical guide to community environmental work, BTCV 2007.**

**5. Gardening for Biodiversity, National Biodiversity Data Centre, Heritage Council, Dept. Culture, Heritage and the Gaeltacht.**

**6. Grianghraif, Google Images.**